Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Márta 2022
(OR. en)

7514/22

FIN 356

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Johannes HAHN, Comhalta den Choimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 23 Márta 2022 |
| chuig: | Bruno LE MAIRE, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 07/2022 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad DEC 07/2022.

Faoi iamh: DEC 07/2022

AN COIMISIÚN EORPACH

AN BHRUISÉIL,
23/03/2022

AN BUISÉAD GINEARÁLTA - 2022
ROINN III - TEIDIL AN CHOIMISIÚIN: 08

AISTRIÚ LEITHREASUITHE UIMH. **DEC 07/2022**

---

**ÓN MÉID SEO A LEANAS:**

**CAIBIDIL -** 0802 an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT)

| | | |
|---|---|---|
| MÍR - 08 02 05 Cúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta | Neamhdhifreáilte | -350 000 000,00 |

**GO**

**CAIBIDIL -** 0802 an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT)

| | | |
|---|---|---|
| MÍR – 08 02 03 11 Bearta eisceachtúla | Neamhdhifreáilte | 350 000 000,00 |

## I. LAGHDÚ

### I.1

### a) Ceannteideal

**08 02 05 11 - Cúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta**

### b) Figiúirí an 15/03/2022

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 497 300 000,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 497 300 000,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **497 300 000,00** |
| **6 An laghdú atá molta** | **350 000 000,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **147 300 000,00** |
| 8 An laghdú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 70,38 % |
| 9 An laghdú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, i suim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 15/03/2022 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach |

### d) Forais mhionsonraithe leis an laghdú

Le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, déantar foráil maidir le cúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta, lena mbeartaítear tacaíocht bhreise a chur ar fáil don earnáil talmhaíochta i gcás géarchéimeanna tromchúiseacha a dhéanfaidh difear don táirgeacht talmhaíochta nó don dáileadh talmhaíochta. Cuirtear EUR 497,3 milliún ar fáil chun na críche sin i mbuiséad 2022.

I bhfianaise an tsuaite sa mhargadh a tharla mar thoradh ar an ngéarchéim san Úcráin agus tar éis féachaint an bhféadfaí leithreasuithe a ath-leithdháileadh, moltar go n-iarrfaí ar an gcúlchiste maoiniú a dhéanamh ar chuid den phacáiste beart eisceachtúil chun tacú leis na feirmeoirí is mó atá buailte trí EUR 350 milliún i leithreasuithe a chur ar fáil faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe íocaíochta, i gcomhréir le pointe 22 de Chomhaontú Idirinstitiúideach 2013/C 373/01 an 2 Nollaig 2013.

## II. MÉADÚ

### II.1

### a) Ceannteideal

**08 02 03 11 - Bearta eisceachtúla**

### b) Figiúirí an 15/03/2022

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 0,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 0,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **0,00** |
| **6 An méadú a iarradh** | **350 000 000,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5+6)** | **350 000 000,00** |
| 8 An méadú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | neamhbhainteach |
| 9 An méadú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, i suim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 15/03/2022 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach |

### d) Forais mhionsonraithe leis an méadú

An ghéarchéim san Úcráin, is dócha gur géarchéim í as a dtiocfaidh méadú mór ar phraghsanna beatha agus ardú as cuimse ag teacht ar phraghasanna fuinnimh agus leasachán cheana. Ábhar imní eile is ea nach féidir leanúint den sreabhadh táirgí ón Aontas chun na hÚcráine ná, seans, chun na Rúise agus na Bealarúise ach oiread. Fágann sin gur mór an bhagairt go dtarlódh suaití margaidh a chuirfeadh slándáil an tsoláthair bia san Aontas i mbaol.

Dá bhrí sin, bunaithe ar Airteagal 219 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, molann an Coimisiún pacáiste de bhearta eisceachtúla ar fiú EUR 500 milliún é chun tacú leis na feirmeoirí is mó atá buailte. Beartaítear leis an aistriú atá ann faoi láthair go n-iarrfar EUR 350 milliún i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus i leithreasuithe íocaíochta ón gcúlchiste le haghaidh géarchéimeanna in earnáil na talmhaíochta. Cumhdófar an EUR 150 milliún atá fágtha trí ath-imlonnú trí aistrithe uathrialacha ón gCoimisiún.